Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0297 (COD)**

10000/16
ADD 1

STATIS 39
TRANS 224
CODEC 851

## DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfar RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 91/2003 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú<br>- Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 30 Lúnasa 2013, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú.

2. Glacadh seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh sa seisiún iomlánach a bhí aici ar an 11 Márta 2014.

3. Bhí cruinniú trípháirteach neamhfhoirmiúil ar siúl ar an 25 Samhain 2014 ag a raibh ionadaithe ó na trí institiúid. Le linn an chruinnithe sin, comhaontaíodh téacs comhréitigh.

4. Ar an 19 Nollaig 2014, thug COREPER dá aire an comhréiteach ar thángthas air sa chruinniú trípháirteach ach níor thacaigh siad leis - bhain an tsaincheist is mó le treoirstaidéir éigeantacha a bheadh le déanamh ag na Ballstáit.

5. Bhí dianchaibidlíocht neamhfhoirmiúil ann ansin idir na hUachtaránachtaí comhleantacha: LV, LU agus NL agus Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún.

6. Ar an 24 Bealtaine 2016, tionóladh cruinniú trípháirteach neamhfhoirmiúil deiridh idir na trí institiúid inar thángthas ar chomhaontú ar deireadh maidir le téacs comhréitigh deiridh.

7. Ar an 3 Meitheamh 2016, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú seo maidir leis an téacs comhréitigh deiridh a leagtar amach san iarscríbhinn chun go dtiocfar ar chomhaontú ar an dara léamh go luath maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú.

8. Tháinig an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ar chomhaontú maidir leis an téacs ina léirítear toradh an tsainordaithe agus, ar an 15 Meitheamh 2016, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Uachtarán Choiste na mBuanionadaithe ina luaitear gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an téacs atá i gceangal leis an litir agus a rinne COREPER a dheimhniú ar an 3 Meitheamh 2016, go molfadh sé don seisiún iomlánach go nglacfaí le seasamh na Comhairle gan aon leasú, faoi réir fíorúchán dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

## II. CUSPÓIR

9. Is é an cuspóir atá leis an dréachtrialachán Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 a mhodhnú chun an creat reachtach atá ann faoi láthair maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród a thabhairt cothrom le dáta, a shimpliú agus a bharrfheabhsú agus chun é a chomhfhogasú leis an gcomhthéacs nua institiúideach.

## III. ANAILÍS AR AN GCOMHSHEASAMH

10. I ndiaidh an vóta sa chruinniú iomlánach, chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é d'aidhm leis an méid sin teacht ar chomhaontú go luath ar an dara léamh ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí.

11. D'iarr Parlaimint na hEorpa go gcuirfí sonraí breise ar fáil, go háirithe i dtaca le sábháilteacht, inrochtaineacht agus pointí bonneagair iarnróid tréigthe, agus ba í an iarraidh sin an phríomh-shaincheist a bhí idir an dá institiúid. An chuid is mó de na sonraí a iarradh, bhailigh seirbhísí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Choimisiúin iad cheana. Thángthas ar chomhthoil ar deireadh nuair a tugadh an ráthaíocht do Pharlaimint na hEorpa trí dhá mheabhrán a shíniú, mar atá, ceann idir Eurostat agus Ard-Stiúrthóireacht MOVE agus ceann idir Eurostat agus an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid, go bpléifí leis na sonraí a d'iarr siad agus go mbeidh siad ar fáil go héasca don phobal. Cuireadh aithris nua isteach freisin ina leagtar béim ar an ngá atá le dlúthchomhar a bheith ann idir an Coimisiún agus na heintitis ábhartha chun faisnéis fhónta a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais agus do gheallsealbhóirí eile, ar faisnéis faoi shábháilteacht an iompair iarnróid agus faoi idir-inoibritheacht an chórais iarnróid í agus a mbeidh sé éasca rochtain a fháil uirthi.

## IV. CONCLÚID

12. Leis an seasamh ón gComhairle, léirítear go hiomlán an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, le comhaontú ón gCoimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach leis an litir a chuir Cathaoirleach an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe ar an 15 Meitheamh 2016.

---